



# Gaelscoil na Cruaiche

(Bunaithe: 1995. Príomhoide: Mairéad Ní Ruáin)

Cathair na Mart, Contae Mhaigheo

Fón: 098 28121 Ríomhphost: [cruaiche.ias@eircom.net](mailto:cruaiche.ias@eircom.net)

Suíomh idirlíne: [gaelscoilnacruaiche.com](http://gaelscoilnacruaiche.com)

## NÓSANNA IMEACHTA MAR GHEALL AR GHEARÁIN Ó THUISMITHEOIRÍ IN AGHAIDH MÚINTEOIRÍ NÓ BAILL Ó FHOIREANN NA SCOILE- Márta 2020

Tá an nóta seo ar fáil do thuismitheoirí chun cur in iúl cé dhó a ndéanfar teagmháil má tá gearán acu i gcoinne múinteoir nó ball de fhoireann na scoile. Léirítear roghanna, amscála agus conas achomharc a dhéanamh. Ní bhaineann an comhairle anseo le gearáin a bhaineann le gníomhaíochtaí ná cinntí a dhéanann scoileanna mar gheall ar líomhaintí i leith cosaint leanaí, fionraíocht, eisiata buan, diúltú ar rollú agus na cinntí sin gur féidir leo leithcheal a dhéanamh ar pháiste. Leagtar treoir ina leith seo amach níos déanaí.

### AG DÉANAMH GEARÁN

Leagan Acht Oideachais 1998 amach an fráma dlíthiúil in ar féidir oideachas a sholáthar do pháistí trí scoileanna aitheanta. Is le na pátrúin agus na hiontaobhaithe gach scoil aitheanta; agus bainistithe ag Bord Bainistíochta na scoile atá mar fhostóir ar mhúinteoirí na scoile freisin.

Mar sin ba chóir do thuismitheoirí ar mian leo gearán a dhéanamh a dhul i dteagmháil leis na hÚdaráis cuí. An nós imeachta maidir le gearáin atá glactha ag formhór na scoileanna ná iad sin aontaithe idir aontas na múinteoirí agus na heagraíochtaí bainistíochta. Tá na sonraí a bhaineann leo seo ceangailte in Aguisín 1 don bhunscoil agus in Aguisín 2 don Iarbhunscoil. Leagan na nósanna imeachta céimeanna atá le leanúint agus an amscála éagsúil a bhaineann le gach céim.

Faoin Acht Oideachais 1998, soláthraíonn an tAire Oideachais airgeadú agus treoir ó thaobh polasaithe do scoileanna. Níl cumhachtaí dlí ag an Aire ná ag an Roinn:

- treorú do scoileanna chun slí áirithe a leanúint maidir le gearáin aonarach
- gearáin aonarach a fhiosrú

Cé nach ndéanann an Roinn breithiúnas ar ghearáin aonarach is féidir leis soiléiriú do thuismitheoirí agus do dhaltáí cén chaoi gur féidir leo a ngearán agus a gclamhsán a chur chun cinn. Is féidir níos mó eolas a fháil ón Rannóg Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí, Roinn na Scoileanna, Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Áth Luain, Fón : (090) 6484266, (090) 6484267, (090) 6484268, Fax (090) 648 4058

### ACHOMHARC LEIS AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ

Is féidir le hoifig an Ombudsman do Leanaí fiosrúchán neamhspleách a dhéanamh ar ghearáin aonarach a déantar faoi scoileanna aitheanta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, fad is gur lean an tuismitheoirí ar dtús agus go h-iomlán na nósanna imeachta a bhain le gearáin a bhí ag an scoil. Sé an príomh chritéir d'aon idirghabháil ón Ombudsman do Leanaí ná go raibh nó go bhféadfaí go raibh tionchar diúltach ag an gnímh ar an bpáiste.

Is féidir teagmháil a dhéanamh ag: Ombudsman do Leanaí Millenium House, 52-56 Great Strand Street, Dublin 1, (Ph) 1800 20 20 40 or (01) 865 6800, E-mail: [oco@oco.ie](mailto:oco@oco.ie)

## **GEARÁIN A BHAINNEANN LE COSAINT LEANAÍ NÓ LIOMHAINTÍ AR MHÍ-ÚSÁID PÁISTÍ**

Ní fhiosraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna, (foireann an Chigireacht san áireamh, ná An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais líomhaintí i leith mí-úsáid páistí. Tá an freagracht reachtúil i leith cosaint leanaí ar Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte. Dá bhrí sin an modh is éifeachtaí chun líomhaintí i leith mí-úsáid páiste a dhéanamh ná dul i dteagmháil le Bainisteoir Chúram Leanaí in oifig áitiúil Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte.

Aon líomhaintí ar mhí-úsáid páistí a déantar le foireann na Roinne láimhseáiltear iad de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos ag an Roinn. Faoi na nósanna imeachta seo ní dhéanann an Roinn breithiúnas ar an líomhaintí ach cinntíonn siad go gcuirtear iad faoi bhráid na húdaráis cuí chomh luath agus is féidir, san áireamh na húdaráis scoile cuí, Feidhmeannas Seirbhíse Sláinte agus/nó na Gardaí. Ní féidir leis an Roinn rúndacht a ghealladh i leith líomhaintí ar mhí-úsáid páistí mar go gcaithfear an t-eolas a fhaightear a chur ar aghaidh ag na ha húdaráis cuí chun fiosrúchán a dhéanamh, san áireamh aon sonraí a bhaineann leis an duine a rinne na líomhaintí.

Má tá tuismitheoirí mí-shásta leis an mbealach ar fhiosraigh an scoil an líomhain i leith mí-úsáid páiste ba chóir dóibh é a chur in iúl do Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte agus/nó an Ombudsman do Leanaí.

Má tá uait líomhain á dhéanamh i leith mí-úsáid páiste don Roinn Oideachais agus Scileanna, déan teagmháil le: Rannóg Tuismitheoirí agus Foghlaimoirí, Roinn na Scoileanna, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Áth Luain, Fón (090) 6484099, Faics (090) 6484058. Rphost: [childprotection@education.gov.ie](mailto:childprotection@education.gov.ie)

## **FIONRAÍOCHT, EISIATA BUAN, DIÚLTÚ ROLLÚ**

Is féidir le tuismitheoirí achomharc a dhéanamh ar chinneadh Bord Bainistíochta eisiata buan a dhéanamh ar pháiste ón a scoil, fionraíocht a dhéanamh ar an bpáiste ar freastal ar an scoil suas go fiche lá sa bhliain, nó diúltú páiste a rollú sa scoil. Faoi Alt 29 d'Acht Oideachais 1998 is féidir le tuismitheoirí achomharc a dhéanamh le hArd Rúnaí Ginearálta na Roinne Oideachais agus Scileanna ar na cinntí a dhéanann údaráis scoile in a leith seo. Is féidir le coiste ainmnithe ag an Aire éisteacht leis an achomharc. Is féidir níos mó eolais faoin achomhairc faoi Alt 29 a fháil ar shuíomh an Roinn Oideachais ag [www.education.ie](http://www.education.ie).

Má tá uait achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 déan teagmháil le: Alt 29, Rannóg na Scoileanna, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Friars Mill Rd., An Muileann Cearn, Co. Na hIarmhí. Fón 044 9337008 Faics 044 9337070.

## LEITHCHEAL

Faoin Acht Um Stádas Comhionann 2000 go 2008 tá leithcheal mídhleathach ar 9 gcúis: inscne, stádas pósta, stádas clainne, claonadh gnéis, reiligiún, aois, míchumas, ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil nó cine (san áireamh dath, náisiúntacht, bunús eitneach nó náisiúnta). Má shíleann tú go bhfuil leithcheal déanta ar do pháiste in a n-oideachas; agus gur ardaigh tú roimhe seo é leis an scoil agus go bhfuil tú fós mí-shásta leis an bhfreagra, is féidir atreorú a dhéanamh ar an ábhar chuig: An Binse Comhionannais, £ Sráid Chluain Meala, BAC 2. Fón 01-4774100 nó ar ráta níos ísle ar 1890 344424, Faics 01-4774141 nó rphost chuig [info@equalitytribunal.ie](mailto:info@equalitytribunal.ie)

Is féidir breis eolas a fháil ar [www.equalitytribunal.ie](http://www.equalitytribunal.ie)

## AGUISÍN 1

### CMÉ/CPSMA TREOIRLÍNTE DO NÓSANNA IMEACHTA I LEITH GEARÁIN I MBUNSCOILEANNA

#### CMÉ/CPSMA NÓSANNA IMEACHTA DO GHEARÁIN

Tháinig an CMÉ agus an CPSMA ar aontú i 1993 ar nós imeachta chun gearáin ó thuismitheoirí i leith múinteoirí a láimhseáil. Sé aidhm an nós imeachta ná a theacht ar réiteach ar bhealach aontaithe agus cothrom. Leagan an t-aontú mach i gcúig chéim an próiseas atá le leanúint chun an gearán a chur chun cinn agus an t-amscála a leantar ag gach céim.

#### Réamhrá

Ní dhéanfaidh an Bord Bainistíochta fiosrúchán ach ar ghearáin atá i scríbhinn ó thuismitheoirí/caomhnóirí, ach nuair a chinneann an Bord go bhfuil na gearáin:

- (i) bainteach le cumas gairmiúil nuair a atreoraítear chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna é.
- (ii) suaibhreasach nó cráiteach agus gur gearáin iad nach gcuireann as d'obair an mhúinteora sa scoil; nó
- (iii) gearáin ina bhfuil taobhú ag ceachtar den dá pháirtí don dlí nó próiseas eile.

Ó thaobh gearáin nach bhfuil i scríbhinn agus nach bhfuil ins na catagóir thuasluaite is féidir iad a phrósiseáil go neamhfhoirmiúil mar atá leagtha síos i gCéim 1 den nós imeachta.

#### Céim 1

- 1.1 Má tá uaidh tuismitheoir/caomhnóir gearán a dhéanamh ba chóir dóibh, mura bhfuil réiteach áitiúil contrártha socruithe, dul chuig an múinteoir ranga chun an gearán a réiteach.
- 1.2 Má tharlaíonn sé nach féidir leis an tuismitheoir/caomhnóir an gearán a réiteach leis an múinteoir ranga ba chóir dó/dí dul chuig an Príomhoide chun é a réiteach.
- 1.3 Mura bhfuil an gearán fós réitithe ba cheart don tuismitheoir/caomhnóir é a ardú le Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta chun é a réiteach.

## Céim 2

- 2.1 Mura bhfuil réiteach fós faighte ar an scéal agus go bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis an ngearán ba chóir dó/dí é a chur i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta.
- 2.2 Ba cheart don Chathaoirleach an ciall beacht an ghearáin scríofa a chur faoi bhráid an mhúinteoir agus iarracht a dhéanamh réiteach a shocrú idir na páirtithe taobh istigh de 5 lá ón uair go bhfaightear an gearán scríofa.

## Céim 3

- 3.1 Mura réitítear an gearán go neamhfhoirmiúil, ba chóir don Chathaoirleach, le cead an Bhord Ginearálta seachas i gcásanna nuair a chinneann an Cathaoirleach nach bhfuil gá le cead an Bhoird:
- (a) cóip den ghearán scríofa thabhairt don mhúinteoir agus
  - (b) cruinniú a eagrú leis an múinteoir, agus nuair is gá an Príomhoide, chun an gearán a réiteach. Ba chóir an cruinniú a thionól taobh istigh de 10 lá ón lá go bhfaightear an gearán scríofa.

## Céim 4

- 4.1 Mura bhfuil an gearán fós réitithe ba chóir don Chathaoirleach tuairisc fhoirmiúil a dhéanamh don Bhord taobh istigh de 10 lá ón gcruinniú a déantar tagairt dó i 3.1(b).
- 4.2 Má bhraitheann an Bord nach bhfuil bunús leis an ngearán ba chóir é seo a chur in iúl don mhúinteoir agus don ghearánaí taobh istigh de thrí lá de chruinniú an Bhoird.
- 4.3 Má bhraitheann an Bord go bhfuil bunús leis an ngearán agus go bhfuil gá le fiosrúchán breise, ba chóir leanúint ar aghaidh ar an gcaoi seo:
- (a) ba chóir cur in iúl don mhúinteoir go bhfuil an fiosrúchán ag dul aghaidh go dtí an céad chéim eile.
  - (b) ba chóir aon fhianaise scríofa atá ag tacú leis an ngearán a chur ar fáil don mhúinteoir.
  - (c) ba chóir iarraidh ar an mhúinteoir ráiteas scríofa a thabhairt don Bhord mar fhreagra ar an ngearán.
  - (d) ba chóir go dtabharfaí deis don mhúinteoir cur i láthair mar gheall ar a c(h)ás a dhéanamh don Bhord. Bheadh an mhúinteoir i dteideal cara a bheith leis/léi chun tacú leis/léi ag aon chruinniú dá chuid.
  - (e) is féidir leis an mBord cruinniú a heagrú leis an ngearánaí má bhraitheann sé go bhfuil gá leis. Bheadh an gearánaí i dteideal cara a bheith leis/léi chun tacú leis/léi ag aon chruinniú dá chuid.
  - (f) ba chóir go dtarlódh an cruinniú a déantar tagairt dó i (d) agus (e) taobh istigh de 10 lá ón gcruinniú a déantar tagairt dó i 3.1 (b).

## Céim 5

- 5.1 Nuair a chríochnaíonn an Bord a bhfiosrúchán, cuirfidh an Cathaoirleach in iúl cinntí an Bhoird i scríbhinn don mhúinteoir agus don ghearánaí taobh istigh de 5 lá de chruinniú an Bhoird.
- 5.2 Beidh cinneadh an Bhord críochnaitheach.
- 5.3 Déanfar athbhreithniú ar an Nós Imeachta Gearáin seo tar éis trí bliana.

5.4 Is féidir leis an CPSMA nó an CMÉ tarraingt siar ón aontú seo tar éis fógra trí mhí a thabhairt don pháirtí eile.

Faomhadh thar cheann an Bord Bainistíochta- *Ratified for & behalf of the Board of Management.*

*Sandra Uí Chorcoráin*

-----  
Sandra Uí Chorcoráin, Cathaoirleach

Dáta 12/03/20